C/2025/6747

19.12.2025

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.12230 — EIM / PDVH)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2025/6747)

1. An 11 Nollaig 2025, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— Elliott Investment Management L.P. ('EIM', na Stáit Aontaithe),

— PDV Holding, Inc. ('PDVH', na Stáit Aontaithe).

Gheobhaidh EIM rialú, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar PDVH ina iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is bainisteoir infheistíochta é EIM a úsáideann cur chuige trádála ilstraitéise lena gcuimsítear raon leathan straitéisí, lena n-áirítear an méid seo a leanas, ach gan bheith teoranta dóibh: straitéis dírithe ar chothromas, cothromas príobháideach agus creidmheas príobháideach, urrúis anásta, fiachas neamhanásta, fálú/arbatráiste, urrúis a bhaineann le heastát réadach, trádáil tráchtearraí, agus cosaint luaineachta punainne,

— Is é PDVH an t-aon scairshealbhóir de chuid CITGO Holding, Inc., agus is é sin an t-aon scairshealbhóir de chuid CITGO Petroleum Corporation (in éineacht lena fhochuideachtaí 'CITGO Group'). CITGO Group, atá lonnaithe sna Stáit Aontaithe, gabhann sé do scagadh, margú, iompair agus díol breoslaí iompair, bealaí, táirgí peitriceimiceacha agus táirgí tionsclaíocha eile.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an gcomhchruinniú atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta a fhoilsithe seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.12230 — EIM / PDVH

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

Seoladh Ríomhphoist: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË